


BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil
2004

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2004

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismi Muiri (BITM) ar an 25 lá de Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil ach ag Bord Imscrúdú Taismi Muiri amháin áta i d'teideal ar an gcóipcheart de réir Alt 35(5) d'Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil cead ag éinne aon chuid den fhoilseacháin seo a atáirgeath, a chur I gcomhad athfhála, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leichtreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roihm ré ón bhfoilsitheoir.

is féidir le lucht oideachais úsáid a bhaint den tuairisc seo le haghaidh aidhmeanna oideachais.

Foilseachán an Bord Imscrúdú Taismi Muiri © 2007

# Clár

## Rannán 1


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| Baill Bhoird agus Eolas Ginearálta | 5 |
| Imscrúdaithe agus Tuarascálacha | 7 |
| Réamhrá | 8 |
| Achoimre ar thaismí muirí a tharla le linn na bliana 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2004 | 9 |
| Achoimre ar thuarascálacha ar thaismí muirí a foilsíodh le linn na bliana 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2004 | 11 |
| Sampla cásanna a foilsíodh le linn na bliana 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2004 | 16 |
| Réamh-imscrúdaithe a tharla le linn na bliana 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2004 | 18 |
| Comparáid idir na Taismí Muirí a tharla in 2002, 2003 agus 2004 | 19 |
| Comparáid idir Tuarascálacha BITM a foilsíodh in 2002, 2003 agus 2004 | 20 |


## Rannán 2


| | |
|---|---|
| Ráitis Airgeadais don tréimhse 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2004 | 21 |

# Ráiteas an Chathaoirligh



**John G. O'Donnell, B.L.**
Cathaoirleach

A Aire, a chara

Tá áthas orm an Dara Thuarascáil Bhliantúil de chuid Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) a chur i láthair de réir Ailt 21 den Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000.

Pléann an tuarascáil seo leis na cúrsaí seo a leanas:

1. Taismí muirí a tharla le linn na bliana 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2004.
2. Achoimre ar imscrúdaithe taismí muirí atá ag dul ar aghaidh agus a tharla sa bhliain 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2004.
3. Achoimre ar thuarascálacha ar thaismí muirí a foilsíodh le linn 2004.
4. Anailís ar shampla cásanna a foilsíodh le linn 2004.
5. Liosta réamh-imscrúdaithe ar thaismí muirí a tharla le linn 2004.

Fhoilsigh BITM naoi dtuarascáil 's tríocha le linn na tréimhse dhá mhí dhéag seo. Ní bhaineann ceann ar bith de na tuarascálacha le teagmhais a tharla le linn na bliana Eanáir go Nollaig 2004, ach le riaráiste trí thaisme muirí 's seachtó a tharla roimh 2004. Is é an fáth ar seo go mbíonn moill dosheachanta idir tarlú taismí muirí, a n-imscrúdú, ullmhú dréacht-tuarascálacha, plé le haighneachtaí a fuarthas maidir le dréacht-tuarascálacha agus críochnú an tuarascála deireanaí.

Tá áthas orm le rá go bhfuil an riaráiste seo glanta.

Imlínínn an tuarascáil comparáidí idir na nithe seo a leanas:

(a) Taismí muirí/ gortaithe a tharla le linn 2004, i gcomparáid le taismí muirí/ gortaithe a tharla le linn 2003.

(b) Staitisticí a bhaineann le tuarascálacha a foilsíodh don bhliain 2004 i gcomparáid le tuarascálacha a foilsíodh don bhliain 2003.

(c) De bhrí nár bunaíodh BITM go dtí Meitheamh 2002, ní féidir tuiscint a fháil ar chlaonta a éiríonn as na staitisticí go fóill. Tiomsóidh BITM staitisticí ar bhonn leanúnacha agus, más féidir, tuairim a thabhairt ar na claonta a éiríonn as na figiúirí seo.

Is féidir trí shonrú a thabhairt faoi deara ó na staitisticí nó ón fhaisnéis, nó an bheirt acu araon, atá ar fail ag BITM, mar atá:

i) Is léir go bhfuil feabhas mór ar chaighdeáin sábháilteacht muirí le blianta beaga anuas, agus feasacht níos fearr i measc maraithe ar riachtanais slándála agus ar cloí níos mó le trealamh sábháilteachta a bheith ar bord agus úsáid a bhaint as.

(ii) Tá méadú i dteagmhais mhuirí atá ag tarlú in uiscebhealaí intíre. Is féidir gur léiríonn é seo méadú i líon soithí ar lochanna agus ar aibhneacha, ach tarraingíonn sé aird ar an riachtanas is mó le sábháilteacht ar bord soithí ar a leithid de huiscí seo.

(iii) Is cúis imní é do BITM an tionscadal iascaireachta de bharr méadú i líon taismí muirí sa réimse seo.

Ba mhaith liom imscrúdaitheoirí BITM a mholadh arís a thaispeáin cuir chuige an-phroifisiúnta díograiseach le linn na bliana a chuaigh thart don imscrúdú ar chúinsí a ba thraigéideach go minic iad. Chuidigh a gcuid críochnúlachta sármhaitheas leis an Bhord le tuarascálacha cuimsitheacha cruinne a ullmhú ar theagmhais.

Ba mhaith liom, fosta, buíochas a ghabháil le gach ball den Bhord as an mhéid a thug siad le linn na bliana seo a chuaigh thart, agus go háirithe leis an Rúnaíocht as a gcuid oibre luachmhaire.

Is maith an rud le tabhairt faoi deara, A Aire, céimeanna a ghlac an Rialtas chun sábháilteacht ar muir a fheabhsú. Tá mé ag súil le reachtaíocht ar feitheamh agus níl dabht ar bith ann go mbeidh sábháilteacht níos airde do chách mar thorthaí ar reachtaíocht leanúnach. Tá súil agam go mbeidh muirithe uile níos feasaigh ar shábháilteacht agus go gcuirfidh siad a gcuid sábháilteachta, agus sábháilteacht a gcuid ball criú mar phríomhthosaíocht an t-am ar fad le súil le go mbeidh laghdú ar líon taismí sa todhchaí a bhfuil baint ag soithí nó ag uiscí na hÉireann nó an bheirt acu araon.

Tá mé ag súil go mór le bheith i mo Chathaoirleach don bhliain seo chugainn.


JOHN G. O'DONNELL, B.L.
Chathaoirligh

30adh Meitheamh 2005

# Baill an Bhoird agus Eolas Ginearálta


Cathaoirleach:
**An tUasal John G. O'Donnell, B.L.**


Leas-Chathaoirleach:
**Iníon Sinéad Brett, B.C.L., LL.M**


Baill an Bhoird:
**An tUasal Thomas R. Power**


Baill an Bhoird:
**An tUasal Brian Hogan,**
**An Príomh-Shuirbhéir**


Baill an Bhoird:
**Iníon Mary Lally**

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | An tUasal Dick Heron |
| Rúnaíocht: | Iníon Helena Murphy |

| | |
|---|---|
| Oifig Chláraithe | Lána Líosain<br>Baile Átha Cliath 2. |
| Guthán: | 01 - 6782460/61 |
| Facs: | 01 - 6783129 |
| R-Phoist: | info@mcib.ie |
| Suíomh idirghréasáin: | www.mcib.ie |

| | |
|---|---|
| Iniúchóirí: | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Foirgneamh an Stáitchiste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2. |

Eolas ginearálta maidir leis an Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) seo a leanas.

## Bunaíocht an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2,000.

## Feidhm an Bhoird

Is í feidhm BITM imscrúdú a dhéanamh ar Thaismí Muirí, de réir mar a shainítear in Alt 2 den Acht.

Is í an bhrí le Taisme Muirí teagmhas nó próiseas, a chuireann bagairt ar nó atá ina bhagairt:

(a) le bás nó gortú dáiríre do dhuine;

(b) le duine a chailleadh thar bord;

(c) le soitheach nó le sealúchas a chailleadh nó a triomú, nó damáiste nó imbhualadh a dhéanamh air; nó

(d) damáiste suntasach a dhéanamh don timpeallacht,

a bhaineann le feidhmiú:

(i) soitheach in uiscí na hÉireann;

(ii) soitheach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí áit ar bith; nó

(iii) soitheach ar gnáth leis bheith suite nó feistithe in uiscí na hÉireann agus atá faoi rialúchán cónaitheoir an Stáit, in uiscí idirnáisiúnta comhtheagmhálach le huiscí na hÉireann.

Is é cuspóir gach imscrúdú:

1. Cúis nó cúiseanna le taisme mhuirí a bhunú.
2. Tuarascáil a dhéanamh ar an taisme muirí le haghaidh moltaí chun a mhacasamhail de thaismí muirí a sheachaint.

***Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara NACH bhfuil sé mar aidhm ag imscrúdú locht nó milleán a chur. Ní ionchúisíonn an Bord. Is feidhm na gComhlachtaí Reachtúla ionchúiseamh ar bith a éiríonn as taisme ar bith, is é sin, An Garda Síochána, an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte srl.***

## Stádas

Is comhlacht neamhspleách é BITM a bhfuil a mhaoiniú féin aige a sholáthraíonn an tOireachtas de réir Ailt 19 den Acht.

Seoltar cóip den tuarascáil deireanach i ngach imscrúdú don Aire le haghaidh breathnaithe ar na moltaí atá istigh inti. Cuirtear an tuarascáil deireanach ar fáil don phobal (ar iarratas) saor in aisce nó is féidir é a fháil ar láithreán gréasáin BITM ag www.mcib.ie

# Imscrúdaithe agus Tuarascálacha

2004

MCIB

Marine Casualty Investigation Board

*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse tuarascála 1ú Eanáir go dtí 31ú Nollaig 2004

# Réamhrá

Foilsíodh naoi dtuarascáil tríocha le linn na tréimhse ó 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2004. Cuireadh tús le hobair ar imscrúdú 15 thaisme muirí nua a tharla le linn na tréimhse seo. Tá achoimre na hoibre a rinne an Bord mar seo a leanas:

| BLIAIN | LÍON TEAGMHAS | STÁDAS |
|---|---|---|
| Riaráiste cásanna roimh Mheitheamh 2002 | 48 | 24 thuarascáil a foilsíodh |
| Meitheamh 2002 – An Nollaig 2003 | 25 | 15 thuarascáil a foilsíodh |
| Meitheamh 2004 – An Nollaig 2004 | 15 | |

Réamh-imscrúdaithe

| | | |
|---|---|---|
| Meitheamh 2004 – An Nollaig 2004 | 3 | |

Socraíodh réamh-imscrúdú a thabhairt faoi i gcás nuair nach raibh teagmhas dáiríre go leor chun imscrúdú iomlán a dhéanamh. Rinneadh trí réamh-imscrúdú le linn na tréimhse tuairiscithe.

| | |
|---|---|
| MFV Alegna 2 agus MFV Martina Ellis | 22ú Bealtaine 2004 |
| MV Seabie | 28ú Deireadh Fómhair 2004 |
| MFV Sanmar | 21ú Samhain 2004 |

# Achoimre ar Thaismi Muiri a Tharla le Linn na Bliana 2004

1ú Eanáir 2004 go 31ú Nollaig 2004

| AINM | DÁTA FOILSEACHÁIN | CINEÁIL SOITHIGH | CINEÁIL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ BÁS | CÚIS TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Alexia** (BITM/80) | 18.04.2005 | Lastlong Bulciompair | Teip Dhréimire Píolóta | 04 02 2004 bhris téad dréimire an phíolóta nuair a bhí an píolóta ag teacht ó bhord Thit an píolóta agus dréimire an phíolóta 27 dtroigh isteach sa chuitéar | Gortú dáiríre amháin | Bhí téad an phíolóta i seirbhís le tamall fada anuas agus gan bhail cheart a choinneáil air |
| **Sybille** (BITM/84) | 09.03.2005 | Lastlong Coimeádán Lasta | Teip Dhréimire Píolóta | 18 02 2004 bhris téad dréimire an phíolóta nuair a bhí aistriú an píolóta ar shiúil This an píolóta agus cuid den dréimire isteach sa chuitéar. | Dada | Bhí téada an phíolóta faoi bhuanriga agus i mbaol damáiste ón aimsir agus ón fharraige dá réir. |
| **Blanche Eileen** (BITM/81) | 14.06.2005 | Soitheach Iascaireachta (<15 mhéadar) | Theacht ar talamh | Tuairiscíodh é 20.04. 2004 go raibh an soitheach seo ar iarraidh. Fuarthas an soitheach ar charraigeacha ag na Laonna Thoir, Co. Chorcaí Fuarthas corp an scipéara 22 05 2004. | Bás amháin | Ní raibh seaicéad tarrthála ar an scipéir. |
| **Cuan na gCaorach** (BITM/94) | 18.04.2005 | Soitheach Áineasa Bád Oscailte | Bá | Ar 03.05.2004 fuair corp an scairdsciálaí san fharraige ag Cuan na gCaorach agus cuireadh fios ar ghardaí cósta, ansin fuarthas dara chorp agus bád béal faoi leis. | 2 Bhás | Is féidir go raibh fadhb ann leis an inneall nó le coinníollacha na farraige gairbhe. |
| **Imeacht RIB** (BITM/95) | 30.09.2005 | Soitheach Áineasa RIB | Iompú béal faoi | Ar 23 05 2004 d'imigh 4 duine go Cill Fhionntain i mbád crua inséidte BCI D'aistrigh 2 chriú go BCI eile ag Cill Fhionntain. Agus iad ag filleadh go Dún Laoghaire, caitheadh an 2 chriú eile thar bord. | Dada | Barraíocht luas. Ní raibh an stiúrthóir iomlán eolach ar an BCI 100 each-chumhacht |
| **Scairdscí 2** (BITM/85) | 30.09.2005 | Soitheach Áineasa Scairdscí | Imbhualadh | Ar 27.06.2004 d'imbhuail scairdscí faoi soitheach iascaireachta a bhí feistithe i mBá Bhaile Uí Bheacháin, Co. An Chláir. | 1 Gortú | Aineolach ar oibriú Scairdscí agus aineolach ar an fharraige. |
| **Baile Chaisleáin Bhéarra** (BITM/96) | 01.09.2005 | Soitheach Iascaireachta (>24 metres) | Fear thar bord | Ar 05.08.2004 cailleadh duine den chriú thar bord 60 míle taobh theas de Cheann Dhún dTéide ar Chósta Chorcaí. Fuarthas a chorp níos moille sa lá sin. | 1 Bás | Tharraing srianta an thráil ball den chriú anonn agus an trál ag tosú rith. |
| **Bá i gCo. an Chabháin** (BITM/87) | 02.06.2006 | Soitheach Áineasa Bád Oscailte | Bá | Ar 31.07.2004 d'imigh 4 dhuine go Loch Síleann, Co. An Chabháin. Agus iad ag filleadh an lá arna mhárach thit fear thar bord agus fuair bás. Fuarthas a chorp ar 02.08.04 | 1 Bás | Ní raibh seaicéid tharrthála á gcaitheamh. Is féidir gur chuidigh le halcól agus le heaspa codlata san eachtra seo. |

| AINM | DÁTA FOILSEACHÁIN | CINEÁIL SOITHIGH | CINEÁIL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ BÁS | CÚIS TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Winkelried** (BITM/88) | 16.10.2006 | Soitheach Áineasa Mótarbhád | Bá | Ar 08.08.2004 d'imigh 2 bhall de chriú ar Loch Rí. Tháinig iascaire ar chorp amháin ar 09.10.2004 agus fuarthas corp eile ar 14.10.2004 | 2 Bhás | Ní raibh duine ar bith ag caitheamh seaicéad tarrthála. |
| **Patriarch** (BITM/97) | 10.11.2005 | Soitheach Áineasa Mótarbhád | Tine ar bord agus teacht ar talamh dá bharr | Ar 01 09 2004 thit tine amach ar an soitheach seo agus é ar an bhealach go Cuan an Fhóid Duibh. Fógraíodh gairm cabhrach agus tugadh tarrtháil ar na 3 bhallchriú Tháinig an soitheach ar talamh agus dódh é. | Dada | Is féidir gur thosaigh an tine de bharr dó rubair nó plaistigh nó go deimhin tine leictreach |
| **Inis Mill** (BITM/99) | 29.11.2006 | Soitheach Áineasa Mótarbhád | Teip chaidéil / innill | Ar 08.09.2004 d'fhág criú 5 dhuine an soitheach agus é ag tabhairt uisce isteach. I ndiaidh 8 lá i rafta tarrthála sábháladh iad amach ó Chósta Thuaidh Chorn na Breataine. | Dada | Teip chaidéil |
| **St Oliver** (BITM/98) | 22.12.2005 | Soitheach Iascaireachta (15 - 24 mhéadar) | Theacht ar talamh | Ar 17.09.2004 d'imigh an soitheach seo as Cuan na Beirtrí Buí go Ros a Mhíl agus criú de 4 dhuine ar bord. Tháinig an soitheach ar talamh ag Oileán Lachan de bharr drochaimsire agus éagadh gach aon duine acu. | 4 Bhás | Bhí coinníollacha aimsire go holc agus gaoithe fórsa gala 9 ann agus ní raibh solas maith ann. |
| **Spailpín Fánach 2** (BITM/101) | 31.01.2006 | Soitheach Iascaireachta (15 - 24 mhéadar) | Tine ar bord agus teacht go grinneall | Ar 27.09.2004 sheol an soitheach seo as Baile Caisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí agus criú de 3 ar bord. Ar 28.09.2004 bhris tine amach sa seomra innill. D'fhág an criú an soitheach agus phioc soitheach iascaireachta eile suas iad. | Dada | Is féidir gur thosaigh an tine sa seomra innill agus gur chothaigh an óla agus díosal breise an tine. Chuaigh an soitheach go grinneall de bharr nach ndéanadh iarrachtaí leis an tine a mhúchadh. |
| **Bá beirt churachóir** (BITM/104) | 02.09.2005 | Soitheach Áineasa Curach | Bá | Ar 30.10.2004 bádh beirt churachóir i ndiaidh abar a éirí orthu ag Cora Tigh Móling, Co. Cheatharlaigh. | 2 Bhás | Tharla go ndearna stoirm níos luaithe tuile ghasta de habhann a ba ghnách leis bheith ciúin agus is féidir nach raibh é seo ar eolas ag an bheirt churachóir. |
| **Bá i gCo. Dhún na nGall** (BITM/103) | 25.08.2005 | Soitheach Áineasa Bád Oscailte | Bá | Ar 14.10.2004 d'imigh fear amach as Cé Ghleann an Ghad ag gliomadóireacht. Níos moille sa lá tuairiscíodh go raibh punta ar iarraidh agus cuireadh tús le hoibriú cuardaigh agus tarrthála. Fuarthas corp gar do Cheann Ghleann an Ghad ar 15.10.2004 | 1 Bás | De dheasca carraigeacha i bhfolach sa cheantar is féidir gur bhuail an bád carraig agus gur bádh é agus leis an iascaire fágtha ar an trá fholamh. |

# Achoimre ar Thuarascalacha a Foilsiodh le Linn na Bliana 2004

1ú Eanáir 2004 go 31ú Nollaig 2004

| AINM | DÁTA FOILSEACHÁIN | CINEÁIL SOITHIGH | CINEÁIL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ BÁS | CÚIS TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Áine** (BITM/01) | 27.01.2004 | Soitheach Iascaireachta (>24 mhéadar) | Theacht ar talamh | Tháinig Áine ar talamh ag Inis na n-Uan, Co Dhún na nGall ag 04.50 r.n. 09.11.1997 | Dada | Stiúradh ró chóngarach don chladach, teip stiúrtha. |
| **Arklow Brook** (BITM/04) | 04.10.2004 | Lastlong Lastlong Ginearálta | Thit mairnéalach isteach broinn | Thit mairnéalach ó chathaoir an Bhósain 9m isteach i mbroinn ar 15.01.2002 agus an long ar bhealach suas Abhainn Elbe | Gortú dáiríre amháin | Ní raibh úim shábháilteachta, hata crua nó líne sábháilteachta á n–úsáid. |
| **Arklow Valour** (BITM/06) | 28.04.2004 | Lastlong Lastlong Ginearálta | Thit an Príomh-Mháta isteach in Ardán buíon ceoil | Ar 24.05.1993, Fuarthas an Príomh-Mháta marbh ar bhun dréimire rochtana chuig "Ardán Buíon Ceoil" | 1 Bás | Gan aithne – ní raibh baint le obráid an loinge. |
| **Arklow Venture** (BITM/07) | 28.04.2004 | Lastlong Lastlong Ginearálta | Tine sa Chistin Loinge | Tine panna sceallóga sa chistin loinge ag 03.00r.n. agus é feistithe ag Eccles, Manacháin ar 03.06.1997. Fuair mairnéalach amháin bás. | 1 Bás | D'éirigh an panna sceallóga ró-thé agus é gan mhaoirseacht go mall san oíche. |
| **Barracuda** (BITM/76) | 28.04.2004 | Soitheach Áineasa Mótar | Fear thar bord | Thit duine amháin thar bord ó phunta i ndiaidh dó mótarbháid 17 meadar a fheistiú ag an Dúcharraig, Co. Chorcaí ar 18.08.2003. | 1 Bás | Sciorr duine ó phunta. Níor teannadh seaicéad tarrthála. |
| **Bara Segal/ Seahope** (BITM/09) | 20.02.2004 | Soitheach Iascaireachta (15 - 24 mhéadar) Lastlong Bulciompair | Imbhualadh | Imbhualadh idir MFV Bara Segal agus MV Seahope 9 míle Thoir Theas de Carraig Tuskar ar 14.08.2002. | Dada | Theip ar an dá shoitheach leanúint le rialacháin imbhuailte. |
| **Teagmhas ag Bá Bhreandáin** (BITM/75) | 12.11.2004 | Soitheach Áineasa Mótar | Iompú béal faoi Iarracht chun bád | Iascaireachta a sheol ón trá i dtonnta troma ar 23.09.2003 ag Bá Bhreandáin, Co. Chiarraí, iompú béal faoi dá dhroim sin. | 1 Bás Seoladh bád ón trá | I dtonnta troma - níor caitheamh seaicéid tharrthála. |
| **Carole Denise** (BITM/11) | 28.042004 | Soitheach Iascaireachta (<15 mhéadar) | Theip ar dheiric tógála | Ar 21.10.2001 theip ar an choscán láimhe ar unlas nuair a bhí an dreidire á ghlanadh os cionn na gunaile, thit jib ar fear criú agus gortaíodh go marfach é. | 1 Bás | Drochchothabháil trealamh unlais agus drochdhearadh trealamh ardúcháin. |

| AINM | DÁTA FOILSEACHÁIN | CINEÁIL SOITHIGH | CINEÁIL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ BÁS | CÚIS TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Celestial Dawn** (BITM/13) | 27.01.2004 | Soitheach Iascaireachta (>24 mhéadar) | Teacht ar talamh agus Cailleadh | Tháinig "Celestial Dawn" ar talamh ag solais theach Thoir ag Bá an Daingin ar 18.45hi.n. ar 02.02.2002 | Dada | Teip stiúrtha agus sheasadh le Rialacháin na hÉireann. |
| **Chants d'Esperance** (BITM/14) | 27.01.2004 | Soitheach Iascaireachta (15 - 24 mhéadar) | Teacht go grinneall | Chuaigh an soitheach go grinneall 17.12. 1996 26 mhíle thiar theas de Smalls. Shábháil héileacaptar RAF SAR an criú. | Dada | Drochstáid soithigh a raibh sceith uisce dáiríre i ndeireadh an tsoithigh dá bharr. |
| **Christ Maria** (BITM/73) | 28.04.2004 | Soitheach Iascaireachta (15 - 24 mhéadar) | Teacht ar talamh, teacht go grinneall | Tháinig soitheach ar talamh 29.03.2003 in aice le Rinn Grohogue gar do Bhreantrá, Co. Chorcaí, cailleadh an soitheach dá bharr. | Dada | Drochfhaire, Ní dhearnadh faire shábháilte loingseoireachta. |
| **Clara/Coral Antillarum** (BITM/13) | 28.04.2004 | Soitheach Iascaireachta (<15 mhéadar) Lastlong Tancaer | Imbhualadh | Ag 07.20 hrs. ar 24.08.2000 d'imbhuail Clara agus Coral Antillarum faoina chéile 4.6 mhíle Thuaidh Thiar Thuaidh Cheann Chill Mhantáin | Dada | Bhris Coral Antillarum Rialacháin Imbhuailte. Theip ar Clara faire ceart a dhéanamh |
| **Credo du Marin/Holger** (BITM/18) | 20.02.2004 | Soitheach Iascaireachta (>24 mhéadar) Lastlong Coimeádán Lasta | Imbhualadh | Ag 03.30 r.n. ar 24.08.1997 ag 10 míle EEO Rinn Duáin, Co. Loch Garman, d'imbhuail Holger faoi MFV Credo du Marin. | Dada | Níor coinneoidh faire ceart ar MV Holger. |
| **Dai Mouse/ Voe Trader** (BITM/55) | 20.02.2004 | Soitheach Áineasa Bád seoltóireachta / Bád oibre | Imbhualadh | Ar 12.05.2001 D'imbhuail Voe Trader faoi luamh Dai Mouse agus é ar ancaire i mBá Bhaile Átha Cliath. | 5 gortaithe, duine amháin acu go dona | Ní dhearna Voe Trader faire ceart agus ní raibh sí ag bogadh ag luas sábháilte. |
| **Dunkerque Express** (BITM/21) | 28.04.2004 | Lastlong Coimeádán Lasta | Brúdh mairnéalach idir coimeádáin | Ar 26.08.1998 agus coimeádáin á ndílódáil ag Felixtone, gabhadh mairnéalach idir dhá choimeádán agus gortaíodh go marfach é. | 1 Bás | Easpa cumais i dtógáil agus easpa veist ard-infheictheachta don chriú. |
| **Elsinor** (BITM/23) | 27.01.2004 | Soitheach Iascaireachta (>24 mhéadar) | Theacht ar talamh | Ar 15.09 2001 tháinig trálaer Francach Elsinor ar talamh ar charraigeacha taobh amuigh Baile Caisleáin Bhéarra | Dada | Easpa faire agus loingseoireachta. |
| **Fiona Patricia/ Montgomery** (BITM/25) | 28.04.2004 | Soitheach Iascaireachta (15 - 24 mhéadar) Báirse | Imbhualadh | Ag 23.00 uair ar 20.08.2000 d'imbhuail Fiona Patricia faoi bháirse nach raibh soilse air ar an bhealach isteach go Cuan Bhaile Caisleáin Bhéarra. | Dada | Ní raibh soilse ar an bháirse agus fágadh feistíodh é agus gan duine ina bhun. |

| AINM | DÁTA FOILSEACHÁIN | CINEÁIL SOITHIGH | CINEÁIL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ BÁS | CÚIS TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Grove** (BITM/89) | 27.01.2004 | Soitheach Iascaireachta (>24 mhéadar) | Tine | Ar 19.11.2002 tharla go raibh tine i seomra innill Grove agus í ag iascaireacht amach ó chósta Mhaigh Eo. | Dada | Locht leictreach a ba chúis le tine |
| **Teagmhas ag Beal an Tairbh, Co Mhaigh Eo (John Allen)** (BITM/77) | 28.04.2004 | Soitheach Áineasa Bád Oscailte | Fear thar bord | Ar 19.03.2003 d'imigh an tUas. John Allen Beal an Tairbh go hInis Bigil, Co. Mhaigh Eo. Fuarthas a chorp ar 01.08.03 | 1 Bás | Gan aithne. |
| **John Michael** (BITM/69) | 28.04.2004 | Soitheach Iascaireachta (<15 mhéadar) | Fear thar bord | Ar 12.02.2003 cailleadh ball criú thar bord ó John Michael agus í ag caitheamh eangacha 8 míle thiar de Cheann Léime. | 1 Bás | Taom Chroí. |
| **Kylemhor** (BITM/29) | 27.01.2004 | Soitheach Iascaireachta (<15 mhéadar) | Iompú béal faoi agus Theacht go Grinneall | Ar 31.05.2000 d'iompaigh Kylemhor béal faoi agus chuaigh go grinneall agus í ag iascaireacht taobh theas de Ceann Meal Dubh agus cailleadh an t-aon ball criú dá bharr. | 1 Bás | Gan aithne. |
| **Lisa Selina** (BITM/30) | 13.07.2004 | Soitheach Iascaireachta (<15 mhéadar) | Teacht go grinneall | Ar 31.10.1998 cailleadh Lisa Selina taobh thiar theas de Cheann Dhamhrois: cailleadh gach duine ar bord. | 2 Bhás | Gan aithne. |
| **Lochmor** (BITM/31) | 04.10.2004 | Long Paisinéirí Bád Farantóireachta (Baile) | Teip innill agus stiúrtha | Ar 22.05.2002 bhí Lochmor ag iarraidh imeacht as Cuan Lios Ceannúir nuair a theip ar an inneall agus ar an stiúradh – tarraingíodh ancaire. | Dada | Easpa cothabhála, criú gan taithí. |
| **Teagmhas ar Loch Measca** (BITM/90) | 28.04.2004 | Soitheach Áineasa Bád Oscailte | Teacht ar talamh agus iompú béal faoi | Ar 03.05.2003 bhí beirt iascaire ar Loch Measca nuair a shruth a mbád ar charraigeacha agus d'iompaigh béal faoi, cailleadh duine amháin dá bharr. | 1 Bás | Níor caitheadh seaicéid tharrthála agus ní raibh buacacht go leor sa bhád. |
| **Mark Amay** (BITM/32) | 28.04.2004 | Soitheach Iascaireachta (>24 mhéadar) | Titim de thionóisc | Ar 20.02.2002 agus fir chriú dílódáil ghabháil éisc i gCuan na Gaillimhe, thit fear criú isteach i mbroinn éisc. | 1 Bás | Ní raibh téide cosanta nó stáinsí ann ag broinn éisc. |
| **Olgarry/ Michelle** (BITM/33) | 28.04.2004 | Soithí Iascaireachta (>24 mhéadar) (<15 mhéadar) | Imbhualadh | Ar 26.09.1995 bhí Olgarry ag filleadh chun na gCealla Beaga nuair a d'imbhuail sí faoi Mhichelle, a bhí ag tógáil potaí. | Dada | Theip ar Olgarry faire ceart a dhéanamh. |

| AINM | DÁTA FOILSEACHÁIN | CINEÁIL SOITHIGH | CINEÁIL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ BÁS | CÚIS TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhas ar an Ribhéar (Tony Murphy)** (BITM/61) | 13.07.2004 | Soitheach Áineasa Bád Oscailte | Fear thar bord | Ar 01.08.2002 D'imigh an tUas. Tony Murphy ag iascaireacht agus é ina aonar i gCuan an Ribhéir. Fuarthas a chorp ar 10.08.2002 | 1 Bás | Gan aithne. |
| **Princess Eva** (BITM/64) | 01.07.2004 | Lastlong Tancaer | Coinneáil | Ar 28.01.2003 bhí an Princess Eva ar ancaire i mBá Mhic Suibhne i ndiaidh timpiste 150 míle thiar thuaidh chósta na hÉireann. Bhí an long faoi choinneáil de bharr scoilteanna móra sa deic. | 2 Bhás 1 gortaithe go dona | Long Neamh-Inseolta. |
| **Princess Gráinne/ Touch-'n –Go** (BITM/37) | 10.12.2004 | Soitheach Iascaireachta (15 - 24 mhéadar) Soitheach Áineasa Mótar | Imbhualadh | D'imbhuail Princess Gráinne faoi Touch-'n'-Go ar 13.08.1998. Bhí Touch-'n'-Go ar ancaire ar Bhéal Bhaile Chaisleáin Bhéarra | Dada | Theip ar Princess Gráinne faire ceart agus luas cuí a dhéanamh. |
| **Renegade** (BITM/39) | 01.07.2004 | Soitheach Iascaireachta (>24 mhéadar) | Imbhualadh | Ag 00.25 an chloig. ar 25.07.1999 d'imbhuail long neamh aitheanta faoi Renegade agus í ag iascaireacht taobh thiar de Charraig Dá Bheola. | Dada | Bhuail long mór trádála Renegade. |
| **Sea Hamex** (BITM/68) | 28.04.2004 | Lastlong Iompróir Carranna | Theacht ar talamh | Ar 28.01.2003 bhí Sea Hamex ag iarraidh teacht i mbeart i gcoinníollacha stoirme i Ros Láir. Síobadh ar talamh í. | Dada | Easpa chumas inlíochta de bharr na gaoithe in airde, easpa áiseanna tuga i gCalafort Ros Láir. |
| **Sonia/ Maureen** (BITM/45) | 28.04.2004 | Lastlong Soitheach Áineasa Lainseáil Píolóta/ Seoltóireacht | Imbhualadh | Ar 27.08.1998 d'imbhuail lainseáil píolóta Sonia agus luamh Maureen faoina chéile taobh thiar An Cóbh. | Gortú go dona amháin | Theip ar Sonia faire ceart agus luas cuí a choinneáil. |
| **Sonia Nancy** (BITM/46) | 20.02.2004 | Soitheach Iascaireachta (>24 mhéadar) | Teacht go grinneall | Ar 04.01.1998 theip ar inneall Sonia Nancy le linn stoirm garbh 150 míle theas de Dhairbhre. Shábháil héileacaptar de chuid RAF an criú. D'iomlaisc an soitheach sna farraigí garbha. | 1 Gortú | Teip innill – cúis gan aithne. |
| **Spailpín Fánach** (BITM/47) | 20.02.2004 | Soitheach Iascaireachta (15 - 24 mhéadar) | Teacht go grinneall | Ar 13.05.2000 agus é ag Iomainiú eangaí taobh thiar d'Oileáin Árann, cailleadh fear an chriú thar bord. | 1 Bás | Baineadh dá chothrom é agus teip croí de bharr uisce fuar |

| AINM | DÁTA FOILSEACHÁIN | CINEÁIL SOITHIGH | CINEÁIL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ BÁS | CÚIS TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Stena Europe** (BITM/70) | 31.08.2004 | Long Paisinéirí Ró - Ró | Teip Innill | D'imigh Stena Europe as Ros Láir 30.01.2003. Tamall ghairid ina dhiaidh sin theip ar an inneall ina iomláine. | Dada | Teip cinn sorcóra agus múchadh cumhacht dá bharr. |
| **Suffolk** (BITM/66) | 10.12.2004 | Lastlong Coimeádán Lasta | Timpiste líne feistithe | Agus é ag feistiú i bPort Bhaile Átha Cliath ar 05.03.2003 ghortaigh droma castainne go marfach mairnéalach | 1 Bás | Ceangailte sa líne feistithe |
| **Viking Raider** (BITM/74) | 28.04.2004 | Soitheach Áineasa BCI | Teip Innill | Ar 18.04.2003 bhí 14 tumadóirí ag tumadh ag Reachrainn, BÁC nuair a iombhádh agus theip ar an inneall. | Dada | Bhí barraíocht ar bord agus iombhá dá bharr |
| **Western Explorer** (BITM/91) | 28.04.2004 | Soitheach Iascaireachta (<15 mhéadar) | Tuile agus teacht go grinneall | Tharla 22.03.2003 go raibh tuile ar an soitheach agus chuaigh go grinneall thiar theas d'Oileán Caorach, Co. Dhún na nGall | Dada | Teacht isteach uisce, cúis gan aithne |
| **Whithaven** (BITM/58) | 20.02.2004 | Lastlong Tancaer | Theacht ar talamh | Ar 09.03.2002 bhí Whithaven ar an bhealach amach as Ros Mhic Thriúin nuair a tháinig sí ar talamh sa Bhearú ag 01.30 r.n. | Dada | Tuilsolas ar ghaiste éisc glactha mar thuilsolas pointe farantóireachta |

# Sampla Cásanna a Foilsíodh le Linn na Bliana 2004

1ú Eanáir 2004 go 31ú Nollaig 2004

Roghnaigh an Bord ceithre cinn as na naoi gcás tríocha a foilsíodh le linn na bliana seo a mheasann sé ionadaíoch don chineál cásanna ar a ndearnadh imscrúdú. Tabharfaidh seo léargas don léitheoir ar an réimse imeachtaí agus ar an chineáil imscrúdaithe a dhéanann an Bord.

## A. Princess Eva – MCIB/64



Sheol "Princess Eva", tancaer ola, as Cóbanhávan ar 19ú Eanáir go Houston/Corpus Christi, Texas agus 53,422 tonna lastas F.G.O. (folús gháis ola – táirge iarmharach dubh de pháirtscagadh amhola) sa dá bheart, ceann amháin acu sulfar ardghráid, sulfar de ghrád íseal an cheann eile. Chuir pleanáil an iomraimh an soitheach ó thuaidh na hAlban agus ansin siar ó dheas 150 míle amach ó chósta thiar thuaidh na hÉireann. Le linn an iomraimh ag dul ó dheas amach ó chósta Thiar na hAlban agus amach ó chósta Thiar Thuaidh na hÉireann bhuail drochaimsir orthu le gaotha suas go fórsa 11 á dtuairisciú. 28tú Eanáir 2003, bhris an rafta tarrthála tosaigh saor óna chliabhán agus teannadh é. Nuair a bhí triúr ball den chriú ag iarraidh an rafta a ath-dhaingniú, bhuail tonn mór iad agus é ag briseadh ar thosach an bháid. Cailleadh beirt bhall an chriú sa teagmhas. Gortaíodh go dona an triúr duine ach mhair sé agus tógadh san aer é ón soitheach go hOtharlann na Gaillimhe.

I ndiaidh na timpiste chuaigh an soitheach ar aghaidh chun na gCealla Beaga chun coirp na n-éagach a chur i dtír agus baill chriú ionaid a bhailiú. Tháinig sé agus cuireadh ar ancaire é i mBá Mhic Suibhne, amach ó na Cealla Beaga go luath tráthnóna 29ú Eanáir 2003. Tugadh líon scoilteanna struchtúracha faoi deara ar dheic an tsoithigh. Cuireadh fios ar an chuideachta bhainistíochta san Airgintín i dtaobh an teagmhais. I ndiaidh dó tuairisc a fháil ón Gharda Cósta, chuir Príomh Shuirbhéir Stiúrthóireacht um Shábháilteacht Muirí beirt shuirbhéir le himscrúdú a dhéanamh ar an soitheach, rud a tharla maidin 30ú Eanáir 2003. Fuarthas go raibh an long neamh-inseolta. Coinníodh é de réir forálacha reachtaíochta Phort Státrialaithe. I ndiaidh na coinneála seo agus chun doirteadh ola ollmhór a sheachaint, bhí ar an long a chuid lastais a dhoirteadh isteach dhá thancaer, a tháinig chun na gCealla Beaga. Rinneadh deisiú sealadach ar an MV "Princess Eva" sna Cealla Beaga roimh cead a thabhairt dó seoladh go port deisithe.

**Mhol tuarascáil BITM ar an chás na nithe seo a leanas:**

1. Go mbíonn An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag comhoibriú i gcomhair eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha chun rialacháin a achtú chun plé le tancaeir ola fóchaighdeánacha.
2. Go dtugtar breithniú ar Soitheach Tarraingthe Éigeandála (STÉ) a chur ar fáil amach ó chósta na hÉireann. Tuigtear go bhfuil an Roinn ag comhoibriú i gcomhair a chomhpháirtithe AE ar an ábhar seo. Ina theannta sin, thug an tuarascáil tacaíocht d'oibre na Roinne thrí limistéar íogair áirithe a fhoghrú amach ó chósta thiar na hÉireann. Tá áthas ar an Bhord tabhairt faoi deara go bhfuil sé seo curtha ar bun.

## B. Western Explorer – MCIB/91

22ú Márta 2003 thart ar 16.00 uaire, sheol soitheach iascaireachta 15m MFV "Western Explorer" as port na Fianaite, Co. Chiarraí. Agus iad ag iascaireacht taobh thuaidh de Cill Chaoi, Co. an Chláir, tharla go raibh tuile i mbroinn éisc ar an soitheach agus chuaigh go grinneall dá réir ag 10.45 uair ar 23ú Márta. Aslonnódh criú an tsoithigh roimh dhul go grinneall don soitheach agus ní raibh gortú nó bás ann.

Mhol an tuarascáil nach mór do chóras sábháilteachta a chur in ord tosaíochta le haghaidh soithí iascaireachta. Tugann an Bord faoi deara go bhfuil córais shábháilteachta forbartha ag an Roinn le haghaidh soithí iascaireachta níos faide ná 24 mheadar agus fosta le haghaidh soithí iascaireachta níos lú ná 15 mheadar ar fhad.

## C. Stena Europe – MCIB/70

D'imigh long paisinéirí Ró-Ró M/V "Stena Europe" Eoraphort Ros Láir ar 30ú Eanáir 2003 ag 12:09 uair go Fishguard, An Bhreatain Bheag agus 155 phaisinéir agus 65 criú ar bord. Thart ar 30 nóiméad níos moille bualadh aláram a\gus é ag léiriú go raibh tine i seomra innill chúnta. Leanadh seicheamh aláram éagsúil agus ag 12:38 stad an príomh inneall Uimh. 1 go hathbhríoch de bharr ardteochta. Cuireadh stad de láimh le hinneall Uimh.2 agus stadadh príomhinnill Uimh. 3 agus 4 go hathbhríoch de bharr ardteochta agus cailleadh an ghluaiseacht uile.

Shruth an soitheach síos go dtí agus thart ar Teach Solais Carraig Tuskar amach ó chósta Chontae Loch Garman. Cuireadh fios ar na Seirbhísí Éigeandála faoin chás. Ba chailleadh uisce fuaracháin sna hinnill cúis le cailleadh na gluaiseachta. D'éirigh leis an fhoireann innealtóireachta na hinnill a ghabháil ag 14.00 uair agus lean an long ar aghaidh go Fishguard sa Ríocht Aontaithe. Fuair an t-imscrúdú amach ina dhiaidh sin gur bhris stoda daingnithe cheann sorcóra. Rinne seo an ceann sorcóra lag, rud a lig gáis dó isteach sa seaicéad uisce fuaracháin. Bhí comhlaí tras nasctha den chóras ardteochta uisce fuaracháin oscailte agus ag ligin dochair ar chóras fuaracháin na n-inneall uile ar an long.

Rinne an Bord líon moltaí teicniúla maidir le haird ar leith chun chórais aersceite ar longa a chur ar súil. Tugann an Bord faoi deara gur comhlíonadh gach ceann de na moltaí seo.

## D. Lough Mask – MCIB/90



Dé Sathairn Meitheamh 3ú 2003 thart ar 12.45 uair d'imigh beirt iascaire i mbád locha oscailte snáithínghloine le dul ag iascaireacht i gceantar Ghort Mhór – Pháirc an Teampaill Loch Measca. Le linn an lae chuaigh na hiascairí ar tír ar oileán le haghaidh lóin. Bhain duine acu a sheaicéad tarrthála de agus é ag rá go raibh sé míchompordach. I ndiaidh lóin lean siad ar aghaidh leis an iascaireacht ar an loch agus gan seaicéid tharrthála á gcaitheamh ag na hiascairí. Níos moille sa tráthnóna d'éirigh an aimsir in olcas le méadú suntasach gaoithe agus ardú tonnta ann. Ina dhiaidh sin, bhog siad go Bá Uí h-Éanach ain le haghaidh iascaireacht deireanach an lae.

Séideadh an bád ar chladach carraigeach agus tháinig sé ar talamh. Nuair a d'iarraidh siad an báid a sheoladh arís d'iombháigh tonn an bád agus chuaigh sí béal faoi. Snámh an bád saor agus bhí greim ag an bheirt fhear uirthi. I ndiaidh tamaill chaill duine de na hiascairí greim ar an bhád. Tamall níos moille arís dhreap an t-iascaire eile ar chladach carraigeach agus thug aird d'iascairí eile air. Cuireadh fios ar an Gharda Cósta agus d'fhreagair héileacaptar. D'aistriú an fear seo chun na hotharlainne agus lean an cuardach don iascaire a bhí ar iarraidh. Fuarthas a chorp níos moille sa lá sin.

De bharr tarlú teagmhas den chineál seo mhol an Bord go gcaitheadh iascairí intíre pleanáil cuí a thabhairt faoi ar a leithid de thurais seo agus go gcaithfear duine éigin i dtír a chur ar an eolas faoi na pleanáil roimh imeacht, caithfear an aimsir a sheiceáil agus éadaí oiriúnacha in éineacht le seaicéad tarrthála á chaitheamh. Leagtar riachtanais sainorduithe don ábhar seo i Ionstraim Reachtúil 274 de 2002 agus molann an Board go hard iad seo a chur in iúl d'iascairí intíre agus a chomhlíonadh an t-am ar fad.

# Reamh-Imscrudaithe a Tharla le Linn na Bliana 2004

1ú Eanáir 2004 go 31ú Nollaig 2004

Bhí trí theagmhas ann a mheas BITM réamh - imscrúdú a dhéanamh in áit Tuarascáil Imscrúdú Taisme Muirí. Tá liosta na dteagmhas mar seo a leanas:

## MFV "Martina Eilis" agus MFV "Alegna 2" (BITM/82)

Ar 22ú Meitheamh 2004 bhí imbhualadh beag ag na soithí iascaireachta "Martina Eilis" agus "Alegna 2" gar do fearann iascaireachta amach ó Lands End. D'fhill an dá shoitheach go Dún Mór Thoir.

## MV 2Seabrie" (BITM/102)

I ndiaidh di lastas a fhágáil i gCionn tSáile, Co. Chorcaí, chuir "Seabrie" ar ancaire ag An Cóbh Meánach, Cuan Chionn tSáile, Co. Chorcaí. Shrac sí a hancaire agus tháinig ar talamh taobh theas Dhún Chathail. Athsheoladh an soitheach níos moille.

## MV "Sanmar" (BITM/106)

Tháinig "Sanmar" ar talamh ag Carraig Barra ag an Mhaoil Rua Dé Sathairn 20ú Samhain 2004. Briseadh an soitheach agus chuaigh go grinneall.

# Comparaid Idir na Taismi Muiri/Gortaithe a Tharla le Linn na Blianta 2002, 2003 & 2004

| Cineál Soithigh | 2002 | 2003 | 2004 |
|---|---|---|---|
| Longa paisinéirí / Báid phaisinéirí | | | |
| Ró – Ró Idirnáisiúnta | | | |
| Baile | | | |
| Bád Paisinéirí | 5 Bhás | | |
| **Fo-iomlán** | **5 Bhás** | | |
| Lastlonga | | | |
| Lastlonga Ginearálta | | 1 Bás | |
| Ró – Ró Lastlong | | 1 Bás | |
| Tancaer | | 2 Bhás /1 Gortú | |
| Bulciompair | | | 1 Gortú |
| Coimeádán Lasta | | 1 Bás | |
| Impreoir Carranna | | | |
| Bád Oibre / Tuga/ Píolóta/ Báirse/ Iompreoir Throm | | | |
| **Fo-iomlán** | | **5 Bhás**<br>**1 Gortú** | **1 Gortú** |
| Soithí Iascaireachta | | | |
| <15 mhéadar | | 1 Bás | 1 Bás |
| 15 -24 mhéadar | | | 4 Bhás |
| >24 mhéadar | 1 Bás | 1 Bás | 1 Bás |
| **Fo-iomlán** | **1 Bás** | **2 Bhás** | **6 bhás** |
| Soitheach Áineasa | | | |
| Scairdscíonna | | 1 Bás | 1 Gortú |
| Báid Oscailte/ Currach | 1 Bás | 2 Bhás | 6 Bhás |
| Mótar | 2 Ghortú | 2 Bhás | 2 Bhás |
| Seoltóireacht | | | |
| Soitheach cumhacht gasta/BCI | | 1 Gortú | |
| | | | |
| **Fo-iomlán** | **1 Bás**<br>**2 Ghortú** | **5 Bhás**<br>**1 Gortú** | **8 Bhás**<br>**1 Gortú** |
| | | | |
| **Iomlán Cásanna** | **8** | **17** | **15** |
| **Básanna san Iomlán** | **7** | **12** | **14** |
| **Gortaithe san Iomlán** | **2** | **2** | **2** |
| **Líon iomlán soithí atá baint leis** | **9** | **18** | **17** |

# Comparaid Idir Tuarascalacha BITM a Foilsodh in 2002, 2003 & 2004

| Cineál Soithigh | 2002 | 2003 | 2004 |
|---|---|---|---|
| **Longa paisinéirí / Báid phaisinéirí** | | | |
| Ró – Ró Idirnáisiúnta | 1 | 2 | 1 |
| Baile | | 1 | 1 |
| Bád Paisinéirí | | 1 | |
| **Fo-iomlán** | **1** | **4** | **2** |
| **Lastlonga** | | | |
| Lastlonga Ginearálta | | 4 | 3 |
| Ró – Ró Lastlong | | | |
| Tancaer | | | 3 |
| Bulc-iompair | | 1 | 1 |
| Coimeádán Lasta | | 2 | 3 |
| Impreoir Carranna | | 1 | 1 |
| Bád Oibre / Tuga/ Píolóta/ Báirse/ Iompreoir Throm | | 4 | 3 |
| **Fo-iomlán** | | **12** | **14** |
| **Soithí Iascaireachta** | | | |
| <15 mhéadar | | 2 | 5 |
| 15 -24 mhéadar | | 3 | 4 |
| >24 mhéadar | | 5 | 13 |
| **Fo-iomlán** | | **10** | **22** |
| **Soitheach Áineasa** | | | |
| Scairdscíonna | | | |
| Báid Oscailte/ Currach | | 1 | 3 |
| Mótar | | 2 | 3 |
| Seoltóireacht | | | 2 |
| Soitheach cumhacht gasta/BCI | | | 1 |
| **Fo-iomlán** | | **3** | **9** |
| | | | |
| **Líon Iomlán Tuarascálacha a foilsíodh** | **1** | **24** | **39** |
| **Líon iomlán soithí atá baint le teagmhais** | **1** | **29** | **47** |
| **Líon Iomlán Básanna** | **0** | **21** | **18** |
| **Líon Iomlán Gortaithe** | **1** | **5** | **9** |

# Ráitis Airgeadais
# 2004

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse tuarascála 1ú Eanáir go dtí 31ú Nollaig 2004

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar fhreagrachtaí an bhoird | 23 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 24 |
| Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach | 25 |
| Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta | 26 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 27 |
| Clár Comhardaithe | 28 |
| Nótaí ar ráitis airgeadais | 29 |

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2004

## Freagrachtaí an Bhoird

Deir cuid 20(1) d'Acht loingis cheannaíochta (Imscrúdú taismí muirí) 2000 go bhfuil sé riachtanach go gcoinníonn an bord cuntais normálta den airgead uilig a thagann isteach is a théann amach. Agus é ag ullmhú na gcuntas seo, caithfidh an bord:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breitiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú go rialta mura bhfuil sé míchuía thoimhdiú go mbeidh sé go fóill i bhfeidhm
- Ábhar ar bith a thagann isteach nó a théann amach a fhógairt agus a mhíniú

Tá an bord freagrach as leabhair chearta cuntais a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an bhoird agus dhéanann cinnte go gclíonn na ráitis airgeadais le cuid 20 d'Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú taismí muirí) 2000. Tá an bord freagrach fosta as a gcuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus írialtachtaí eile a chosc.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach

Dick Heron
Rúnaí

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá na ráitis airgeadais iniúchta agam ó leathanaigh 26 go dtí 29 faoi chuid 20 d'Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2000

## Freagrachtaí Bhaill an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá freagrachtaí bhaill an bhoird leagtha amach ar leathanach 23. Tá mise freagrach, bunaithe ar an iniúchóireacht, as tuairim neamhspleách ar na ráitis airgeadais a thugtar dom a dhéanamh agus tuairisc a dhéanamh orthu. Déanaim cinnte gurb ionann an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach ar lch. 25 agus géilliúntas an bhoird le treoraíocht cheart ar rialachas corparáideach agus am ar bith nach ionann nó nuair atá sé míthreorach nó neamhréireach le heolas eile atá agam ó iniúchóireacht na ráiteas airgeadais a thuairisciú.

## Bunús thuairisc na hiniúchóireachta

Mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste rinne mé an iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúchóireachta a leag an Bord um Chleachtais iniúchóireachta síos agus i dtaca le haird ar leith a bhíonn ag comhlachtaí stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Iniata san iniúchóireacht, tá mionscrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise bhainteach le méid agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Istigh ann fosta tá measúnacht ar na meastacháin agus ar na breithiúnais mhóra a rinneadh agus na ráitis á n-ullmhú agus ar oiriúnacht na bpolasaithe i dtaca le cúinsí an bhoird ar bhonn seasta.

Phleanáil agus rinne mé an iniúchóireacht leis an eolas agus leis na míniúcháin uilig a bhailiú a shíl mé go raibh riachtanach le go leor fianaise a thabhairt dom le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó ábhar bréagach ó chalaois, ó mhírialtacht nó ó earráid. Agus mé ag déanamh macnaimh, rinne mé measúnú ar leorgacht chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é mo thuairimIn go bhfuil leabhair chuntais ag an bhord agus go léiríonn na ráitis airgeadais a chomhaontaíonn leo, fíorstáid an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí ar 31 Nollaig 2004 agus ioncam agus caiteachas na bliana sin.

____________________________

Gerard Smyth
Do agus ar son an Ard-reachtaire agus an Ard-iniúchóra
17 Meitheamh 2005

# Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004

## Freagracht ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Ar son an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí, admhaím ár bhfreagracht go gcaithfidh muid rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a choinneáil agus a fheidhmiú.

Ní thig leis an rialú inmheánach dearbhú céad faoin gcéad a shólathair go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go gcláraítear mar is ceart idirbhirt, agus go gcuirtear cosc nó go n-aithnítear earráidí nó mírialtachtaí eile ar bhonn rialta.

## Bunmhodhanna rialaithe

Is iad seo na rialacháin airgeadais a d'oibrigh i rith na bliana:

- Údaraíonn beirt bhall an bhoird ar a laghad gach íocaíocht (gan tuarastail, taisteal agus liúntas a dhíol an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a chur san áireamh).
- Údaraíonn oifigeach sinsearach den Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha gach éileamh taistil agus liúntais.
- Tá cód iompair ghnó do bhaill an bhoird agus don fhoireann leagtha amach.
- Déanann beirt ón bhord measúnú agus athbhreithniú ar ghníomhaíocht an bhoird ag gach cruinniú.

Tá iarratas istigh ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha do mhaolú ar chruthú choiste iniúchóireachta agus fheidmiú iniúchóireachta inmheánach.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialacháin

Dearbhaím nach ndearna an bord athbhreithniú ar éifeachtacht rialú airgeadais inmheánach don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2004.

## Sínithe ar son an Bhoird

John G O'Donnell B.L
Cathaoirleach

# Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004

## 1. Ginearálta

Bunaíodh An Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoi Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2004. Thosaigh an Bord ar 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go hoifigiúil ar 25 Márta 2003 é. Glacann an Bord an iniúchadh neamhspleách de thaismí muirí in Éirinn agus na tuarascáil a théann leo mar chúram.

## 2. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse ó 1 Eanáir 2004 go dtí 31 Nollaig 2004.

## 3. Bunús Cuntasaíochta

Ulmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn faibhrithe, ach amháin mar atá sé leagtha amach thíos, agus de réir chleachtas cuntasaíochta coitianta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar caighdeáin thuarascála airgeadais ar bord ó bhoird chuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad aníos.

## 4. Deontais an Oireachtais

Aithnítear deontais an Oireachtais i ráitis airgeadais mar:

- Admhálacha airgid ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.
- Íocaíochtaí ar son na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Seasann na híocaíochtaí seo d'athrú i bpolasaí cuntasaíochta agus tá na figiúirí do 2003 athraithe dá réir.

## 5. Luachlaghdú

Níl sócmhainní seasta ar bith ag an Bhord um Imscrúdú Taismí Muirí.

## 6. Aoisliúntas

Tugadh ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha foireann an Bhoird agus tá siad clúdaithe ag socruithe pinsin na Roinne. Níl scéimeanna pinsin i bhfeidhm ag an Roinn.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2004

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004

| | | BLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLL 2004 | | BLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLL 2003 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nóta | € | € | € | € |
| Deontais Oireachtais | | | 213,580 | | 139,619 |
| Caiteachas | | | | | |
| Tuarastail foirne | 4 | 70,626 | | 65,765 | |
| Táillí bhaill an bhoird | | 17,776 | | 17,776 | |
| Seomraí cruinnithe | | 750 | | 1,466 | |
| Siamsaíocht | | 1,882 | | 1,300 | |
| Clódóireacht, postas, paipéarachas | | 70,869 | | 63,845 | |
| Suíomh idirlín | | 545 | | 4,296 | |
| Guthán póca | | 278 | | - | |
| Costais imscrúduithe taismí | | 786 | | 1,129 | |
| Taisteal & liúntas: baill an bhoird | | 19,024 | | 21,185 | |
| Taisteal & liúntas: foireann | | 1,284 | | 449 | |
| Táillí comhairleachta | | 3,150 | | 5,694 | |
| Cuntasaíocht | | 11,035 | | 9,700 | |
| Costais rúnaíochta | | 4,340 | | 3,945 | |
| Táillí iniúchoireachta | | 8,000 | | 8,000 | |
| Táillí Bainc | | 45 | | 39 | |
| Costais éagsúla | | 1,049 | | 2,793 | |
| Táillí dlí agus gairmiúla | 3 | 1,452 | | 827 | |
| | | | (212,891) | | (208,209) |
| Barrachas/easnamh don bhliain | | | 689 | | (68,590) |
| Iarmhéid tugtha chun tosaigh ag tús na bliana | | | (31,778) | | 36,812 |
| Iarmhéid tugtha chun tosaigh deireadh na bliana | | | (31,089) | | (31,778) |

Níl aon neartúcháin nó caillteanais, seachas na cinn sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 9 mar chuid de na ráitis airgeadais.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach

Dick Heron
Rúnaí

# Clár Comhardaithe 2004

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004

| | | AG 31 NOLL 2004 | | AG 31 NOLL 2003 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € | € | € | € |
| Sócmhainní reatha | | | | | |
| Airgead tirim ag banc agus sa lámh | | 14,674 | | 12,109 | |
| Dliteanais reatha | | | | | |
| Creidiúnaithe | 2 | (45,763) | | (43,887) | |
| Glansócmhainní Reatha (Dliteanais) | | | (31,089) | | (31,778) |
| Glansócmhainní (Dliteanais) | | | (31,089) | | (31,778) |
| Ionnaítear ag: Cuntas brabúis/caillteanais | | | (31,089) | | (31,778) |
| | | | (31,089) | | (31,778) |

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 9 mar chuid de na ráitis airgeadais.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach

Dick Heron
Rúnaí

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004

**1 Cánachas**

Níl aon sólathar ann don chánachas sna ráitis airgeadais

| **2 Creidiúnaithe: Méid ag titim dlite i mbliain amháin** | **Ag 31 Noll 2004** | **Ag 31 Noll 2003** |
|---|---|---|
| Fabhruithe | €45,763 | €43,887 |

**3 Táillí gairmiúla**

Níor íocadh táillí ar bith d'imscrúduitheoirí mar bhí siad ulie fostaithe ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

**4 Fostaithe agus Aoisliúntas**

Tugadh ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha foireann an Bhoird. Aisíochtar costais fhoirne ag an Roinn ó scéim dheontais an bhoird.

**5 Costais oibrithe**

Íocann an Bord as a gcostais oibrithe féin ach amháin na costais seo a leanas a íocann an Roinn Cumarsáide Mara agus acmhainní Nádúrtha saor in aisce.

- Fón & facs
- Glantachán
- Páipéarachas
- Costais eile oifige, teas agus soilsiú san áireamh

**6 Sócmhainní seasta agus costais bhainteacha**

Níl sócmhainní seasta ar bith in ainm an bhoird.  Cuirtear trealaimh, troscán, foirgneamh, agus costais bhainteacha ar fáil ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

**7 Baill bhoird: Nochtadh suimeanna**

Tá na gnásanna leagtha amach i gcuid 17 agus 18 d'Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú na dtaismeach) 2000 glactha ar bord ag gach ball boird.

**8 Comparáidigh**

Baineann figiúirí na gcomparáideach leis an bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003.

**9 Faomhadh na ráiteas airgeadais**

Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais ar an 6 Bealtaine 2005.

## Nótaí

## Nótaí

## Nótaí

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01-6782460. Facs: 01-6783129. www.mcib.ie